

Deireadh na Feide

le hAilbhe Ní Ghearbhuigh

Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Príomhthéama

Príomhthéama an Dáin



Is dán thar a bheith meafarach é an dán seo ‘Deireadh na Feide’ a thugann léargas i mionteanga faoi bhás agus faoi chailliúint mionteanga eile. Tá cumhacht agus siomblachas sa dán dá bharr agus feidhmíonn an dán mar a bheadh rabhadh nó fainic do phobal mionteanga ar bith. Is dán faoi chailliúint agus faoi chaillteanas é.

Cuireann an file tús leis an dán le cuimhní a mhaireann faoi theanga nach maireann a thuilleadh ‘[i]nniu féin/is cuimhin le muintir Aas/go mbíodh teanga/á feadaíl/ag na haoirí fadó’. Paradacs is ea é seo mar cé go bhfuil cuimhne ag an bpobal ar an teanga, níl an teanga beo a thuilleadh. Cruthaítear atmaisféar lán le cailliúint agus le brón sa chéad véarsa sin agus muintir Aas an lae inniu fágtha ag cuimhneamh ar rud éigin atá ar iarraidh agus cailte acu.

Tá siomblachas ag baint leis an tagairt do na ‘haoirí’ a chleacht an teanga feadaíola seo freisin. Fir ab ea iad na haoirí seo a stiúraigh, a bhailigh agus a threoraigh caoirigh an tsráidbhaile. Ba acu a bhí an teanga feadaíola seo a bhí uathúil, sainsiúil agus speisialta. Is meafar iad na haoirí seo. Ní hamháin gur threoraigh siad na caoirigh, threoraigh siad an pobal leis an teanga feadaíola. Anois, níl aon duine ann chun muintir Aas a threorú, tá siad gan teanga agus gan féiniúlacht.




Príomhthéama

Príomhthéama an Dáin



Sa chéad trí véarsa eile, cuireann an file béim ar an bhfocal ‘fead’ agus ‘feadaíl’ chun laethanta órga na feadaíola a chur in iúl. Fead is ea í a ‘ghabh/bealach fuaime an ghleanna/idir féarach is sráidbhaile’ agus tá cumhacht agus draíocht ag baint le feadaíl a thaistealaíonn chomh fada sin. Ritheann na línte isteach ina chéile sna véarsaí seo, gan mórán poncaíochta, mar a bheadh aithris ar sholúbthacht agus ar cheol na feadaíola féin. Áit speisialta is ea í Aas, toisc na sléibhte ann, a chuidíonn leis an bhfeadaíl taisteal chun ‘nuacht an lae’ a iompar ó na haoirí chuig na mná ‘sna goirt máguaird’.




Toisc tírdhreach uathúil Aas, feadaíl is ea í ‘nach dtuigtí/lasmuigh den bparóiste.’ Leagann an file béim arís ar an gcaillteanas cultúrtha agus oidhreachta anseo leis an ráiteas lom sin. Ní bheadh teanga feadaíola den saghas sin ag aon phobal eile toisc cúinsí speisialta Aas. Ní féidir breith ar an teanga anois agus í imithe i léig, níl bealach ann chun í a thabhairt ar ais agus í cailte go deo. Níl sí cosúil le teanga ar bith eile.

Foghlaim



Príomhthéama

Príomhthéama an Dáin




I dtreo dheireadh an dáin, léiríonn an file cumhacht na teanga rúnda seo. Toisc nár thuig ach Muintir Aas an teanga feadaíola, bhí siad in ann bob a bhualadh ar na Naitsithe le linn an Dara Cogadh Domhanda. ‘[C]hoimeád an fheadaíl/Giúdaigh slán ó chontúirt’ agus ‘chuir scéalta an Résistance/ó bhéal go béal faoi rún’. Bhí aire agus sábháilteacht ag baint leis an bhfeadaíl a thug deiseanna do dhaoine éalú ó bhaol agus ón mbás. Níor tugadh aire don teanga féin, áfach, agus lig an pobal di bás a fháil í féin. ‘Níor chualathas ó shin í.’ Is ráiteas an-chumhachtach é sin, le lánstad. Tá an file ag iarraidh ar an léitheoir stopadh, cuimhneamh ar bhotún Mhuintir Aas agus ar chailliúint na teanga feadaíola.

Cé go ‘maireann sí i gcuimhne na ndaoine’, tá an teanga feadaíola imithe anois agus ní féidir le haon duine ‘na fuaimeanna a aithris.’ Tá brón agus áiféala le sonrú sa chailliúint thubaisteach seo, tá deireadh le rud a bhí speisialta agus mar dhluthchuid de phobal ar leith. Tá rabhadh ann chomh maith sa líne dheireanach, ‘[n]íor deineadh aon taifead’ nár chóir ligean do theanga speisialta eile cosúil le teanga mhuintir Aas a ligean le sruth.

Príomhthéama

Príomhthéama an Dáin




Seasann an dán seo mar thaifead de chuid an fhile ar ealaín agus ar thábhacht chultúrtha na filíochta Gaeilge. Ní ligfear do theanga na nGael dul i léig má tá daoine fós ag cumadh filíochta mar aon leis an bhfile sa dán seo. Cé gur dán faoi chailliúint mionteanga é, mar sin, is dán é freisin a thugann deis dóibh siúd a bhfuil mionteanga fós acu í a chaomhnú, aire a thabhairt di agus í a aithris.



Príomhthéama

Na Carachtair sa Dán




Na hAoirí agus Na Mná

Muintir Aas is ea iad na haoirí agus na mná sa dán seo. Is gnáthdhaoine tuaithe iad na haoirí a bhfuil cumhacht speisialta acu, teanga rúnda feadaíola a labhairt lena chéile agus le muintir an bhaile. Teanga í seo nach labhraítear ‘lasmuigh den bparóiste’ ina maireann siad. Is léir ‘inniu féin’ go bhfuil na haoirí sin marbh agus go bhfuil an teanga a chleacht siad marbh freisin. Is meafar iad na haoirí. Mar a threoraigh siad a gcuid caorach, threoraigh siad an pobal lena dteanga uathúil féin. Seasann na mná ‘a d’oibrigh/sna goirt máguaird’ don phobal beo beathach a d’fhan ar ‘nuacht an lae’ ó na haoirí agus a d’inis a gcuid scéalta dóibh.



Príomhthéama

Na Carachtair sa Dán



Na Naitsithe

Seasann na Naitsithe a tháinig le linn an Dara Cogadh Domhanda go Aas don olc agus don chontúirt. Toisc nach dtuigeann siad an teanga feadaíola a labhraíonn an pobal, éiríonn le Muintir Aas bob a bhualadh orthu agus fanacht slán.




Na Giúdaigh

Léirítear leochaileacht na nGiúdach sa dán seo agus gur chosain an teanga feadaíola iad ó bhaol na Naitsithe. '[C]hoimeád an fheadaíl/Giúdaigh slán ó chontúirt'. Murach an teanga feadaíola seans go mbeadh roinnt mhaith acu gafa agus curtha chun báis mar a cuireadh na milliún Giúdach chun báis sna campaí géibhinn le linn an Chogaidh.

Príomhthéama

Na Carachtair sa Dán



Muintir an Résistance

Is carachtair thábhachtacha iad muintir ‘an Résistance’ a sheas an fód i gcoinne na Naitsithe agus a ‘chabhraigh le píolótaí a bhí imithe amú/teorainn na Spáinne a aimsiú’. Grúpa reibiliúnach ab ea iad Muintir ‘an Résistance’ a d’oibrigh go rúnda agus go seiftiúil i gcoinne na Naitsithe chun saoirse na Fraince a bhaint amach faoi stiúir Charles de Gaulle. Bhí fíis acu agus chreid siad gurbh fhiú an Fhrainc a chosaint agus a chaomhnú. Is codarsnacht iad toisc gur éirigh leo daoine a thabhairt slán ón mbás murab ionann agus muintir Aas a lig dá dteanga feadaíola féin bás a fháil.




Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Na Mothúcháin




Brón


Tá brón le feiceáil i scéal mhuintir Aas. Bhí cultúr beo beathach acu a bhí sainiúil, speisialta agus uathúil. Ba í an ‘teanga feadaíola’ saintréith an phobail sin, a thug slán iad le linn tréimhsí contúirteacha agus a chosain iad ó fhórsaí an oilc. Níor chosain muintir Aas a dteanga féin, áfach, agus anois ní mhaireann sí ach ‘i gcuimhne na ndaoine’. Tá brón ar mhuintir Aas go bhfuil a dteanga marbh, tá brón ar an bhfile agus an dán á scríobh aici agus músclaíonn an dán brón sa léitheoir freisin go bhfuil rud chomh speisialta leis an teanga feadaíola seo imithe i léig.

Áiféala

Tá áiféala ar an bhfile nach ndearnadh aon taifead ar theanga feadaíola mhuintir Aas. Ní féidir le haon duine ‘na fuaimeanna a aithris’ a thuilleadh, rud a chuireann áiféala uirthi. ‘[I]s cuimhin le muintir Aas/go mbíodh teanga/á feadaíl’ ann ach tá áiféala anois orthu go bhfuil sí caillte acu.




Na Mothúcháin



Caillteanas

Tá an dán seo lán le mothú an chailteanais. Tá modh maireachtála na n-aoirí agus na mban fadó cailte. Tá teanga feadaíola mhuintir Aas cailte. Tá stair, oidhreacht, cultúr agus féiniúlacht an phobail cailte leis an teanga feadaíola nach ndéantar ‘aithris’ uirthi a thuilleadh. Is dán é seo a sceitheann solas ar na rudaí ar fad a chailtear nuair a ligtear do mhionteanga bás a fháil.



Na Mothúcháin


Teicnící Fileata sa Dán



Meafar

‘na haoirí’ – is meafar iad na haoirí. Mar a threoraigh siad a gcaoirigh, theoraigh siad a bpobal leis an teanga feadaíola a chleacht siad.

‘an teanga feadaíola’ – is meafar í an teanga feadaíola a chleacht Muintir Aas agus mionteanga atá básaithe nó imithe i léig. Seasann scéal Mhuintir Aas agus bás na teanga feadaíola mar a bheadh rabhadh ann do phobal mionteanga ar bith.




An Tríú Pearsa

Toisc an dán scríofa sa tríú pearsa, tá an file in ann an dán a dhéanamh meafarach agus uilíoch. Tugann sí cuntas ar dhraíocht na feadaíola ‘a ghabh/bealach fuaime an ghleanna/idir féarach is sráidbhaile’ gan aon tuairim a léiriú. Tugann sí fíricí an scéil thragóidigh, is iad sin nach maireann sí ach ‘i gcuimhne na ndaoine’ agus nach bhfuil ‘ar chumas éinne/na fuaimeanna a aithris’ a thuilleadh. Déanann seo an dán níos truamhéalaí ar bhealach toisc go ligeann an file don léitheoir a bhreithiúnas féin a dhéanamh.

Foghlaim



Na Mothúcháin



Íomhánna láidre

Baineann an file úsáid as a lán íomhánna láidre sa dán seo le draíocht na feadaíola a chur in iúl agus le cruachás Mhuintir Aas a léiriú. Is íomhá an-láidir í an íomhá den ‘f[h]ead a d’iompair/nuacht an lae/idir aoirí/agus na mná a d’oibrigh/sna goirt máguaird’. Léiríonn an íomhá seo solúbthacht agus draíocht na teanga a thaistil i bhfad. Bealach cumarsáide éifeachtach, uathúil agus sainiúil a bhí ann nach raibh aon eolas uirthi ‘lasmuigh den bparóiste’.

Codarsnacht/Comparáid


Muintir Aas vs an Résistance

Tá codarsnacht le feiceáil idir Muintir Aas agus Muintir an Résistance. Agus iad i mbaol, throid Muintir an Résistance i gcoinne an oilc ach, agus an teanga feadaíola i mbaol, níor throid Muintir Aas. Seasann an chodarsnacht mar rabhadh gur cheart dúinn ar fad a bheith san airdeall faoi.



Na Mothúcháin

An Ghaeilge vs An Teanga Feadaíola



An dán vs Easpa Taifid

‘Níor deineadh aon taifead’ ar an teanga feadaíola, a d’fhág Muintir Aas gan féiniúlacht agus gan oidhreacht. Agus an dán seo á chumadh ag an bhfile, tá sí ag déanamh taifid, ina bealach filíochta féin, ar an nGaeilge agus ar thábhacht chaomhnú mionteangacha. Tá codarsnacht mhór le feiceáil anseo, níl an file sásta scaoileadh leis an nGaeilge mar a scaoil Muintir Aas.

Athrá

Déantar athrá ar ‘feadaíl’, ‘fead’, ‘feadaíola’ chun béim a leagan ar chaillteanas na teanga speisialta.

Úrsárú

Tá úrsárú le feiceáil sa dán leis an easpa poncaíochta sa chéad cúpla véarsa a léiríonn solúbthacht agus gluaiseacht na feadaíola.

Inniu féin

is cuimhin le muintir Aas

go mbíodh teanga


á feadaíl

ag na haoirí fadó

Is teicníc fileata an-chliste í seo a leagann béim ar cheol agus ar dhraíocht na teanga a bhí in ann taisteal i bhfad agus a choinnigh an pobal i gcumarsáid lena chéile.

Foghlaim





Idir na Línte

Foghlaim
TG4

Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

